# An Bhéaltriail - Scileanna inaistrithe

Tá an t-uafás oibre le cur isteach ag scoláirí le go mbeadh béaltriail rathúil acu. Cé gur scrúdú aonair é, tá an-chuid traschur scileanna i gceist. Seo thíos, na bealaí gur féidir na scileanna úd ar fad a athúsáid sna scrúduithe scríofa agus cluastuisceana. Tá gach cuid den chúrsa bunaithe ar an siollabas agus dá bhrí sin, ní mór gach deis a thapú na scileanna teanga a chomtháthú agus a fhorbairt.

## Léamh na filíochta

| An rud a d'fhoghlaim tú | Scileanna | Úsáid/Féidearthacht eile |
|---|---|---|
| Filíocht na hArdteiste | Tuiscint<br>Rithim<br>Foghraíocht | Anailís ar dhán<br>Cluastuiscint |

## Comhrá ginearálta

| An rud a d'fhoghlaim tú | Scileanna | Úsáid/Féidearthacht eile |
|---|---|---|
| **Inis dom fút féin** | Aimsir láithreach<br>Copal 'is'<br>Cur síos a dhéanamh<br>Na tréithe daonna<br>Cur síos ar dhaoine eile sa teaghlach<br>Uimhreacha a láimhseáil<br>Breischéim na haidiachta | Cluastuiscint<br><br>Cur síos ar charachtair sa litríocht<br>Comparáid a dhéanamh idir charachtair éagsúla sa litríocht.<br><br>Úsáideach do na téamaí seo a leanas:<br>*Cur síos ar phearsa/ duine mór le rá*<br><br>Giota/Blag/Litir/Comhrá /Aiste/ díospóireacht |
| **Inis dom faoi d'áit cónaithe** | Aimsir láithreach<br>Copal 'is'<br>Cur síos a dhéanamh<br>Tuairim a léiriú<br>Comparáid a dhéanamh | Cluastuiscint<br><br>Litríocht (comparáid idir dhá dhán srl)<br><br>Úsáideach do na téamaí seo a leanas:<br>*Tionsclaíocht*<br>*Turasóireacht*<br>*Saol na tuaithe V saol na cathrach*<br>*Fadhbanna sóisialta*<br><br>Giota/Blag/Litir/Comhrá /Aiste/ díospóireacht |
| **Cad iad na caitheamh aimsirí atá agat?**<br><br>**Cad é an leabhar/scannán/sraith teilifíse is fearr leat?** | Aimsir Láithreach<br>Copal 'is'<br>Breischéim na haidiachta<br>Cur síos a dhéanamh<br>Tuairim a léiriú | Cluastuiscint<br><br>Anailís ar litríocht/cur síos ar charachtair<br><br>Úsáideach do na téamaí seo a leanas:<br>*Saol an déagóra*<br>*Meabhairshláinte*<br><br>Giota/Blag/Litir/Comhrá /Aiste/ díospóireacht |

| **Comhrá ginearálta (ar lean)** | | |
| --- | --- | --- |
| **Cad a dhéanann tú le linn laethanta saoire an tsamhraidh?** | Aimsir láithreach<br>Aimsir chaite<br>Aimsir fháistineach<br>Modh coinníollach<br>Tuairim a léiriú<br>Cur síos a dhéanamh | Cluastuiscint<br><br>Anailís ar théamaí litríochta<br><br>Úsáideach do na téamaí seo a leanas:<br>*Taisteal agus Teangacha*<br>*Turasóireacht*<br>*Cúrsaí náisiúnta agus Idirnáisiúnta*<br>*Cultúr*<br>*Gaeltachtaí*<br>*Saol na hOibre*<br><br>Giota/Blag/Litir/Comhrá /Aiste/ díospóireacht |
| **Inis dom faoin scoil seo/Cad é do thuairim faoin gcóras oideachais?**<br><br>**Céard a dhéanfá dá mbeifeá i do phríomhoide?**<br><br>**Céard a dhéanfá dá mbeifeá i d'Aire Oideachais?** | Aimsir Láithreach<br>Aimsir Fháistineach<br>Modh coinníollach<br>Tuairim a léiriú<br>Aontú nó easaontú a dhéanamh | Cluastuiscint<br><br>Úsáideach do na téamaí seo a leanas:<br>*An Córas Oideachais*<br>*An Ghaeilge*<br><br>Giota/Blag/Litir/Comhrá /Aiste/ díospóireacht |
| **Céard a dhéanfá dá mbeifeá i do Thaoiseach?** | Modh coinníollach<br>Tuairim a léiriú<br>Aontú nó easontú a dhéanamh | |
| **Cad iad na fadhbanna atá ag daoine óga sa lá atá inniu ann?** | Aimsir Láithreach<br>Aimsir Fháistineach<br>Modh coinníollach<br>Tuairim a léiriú<br>Aontú nó easaontú a dhéanamh | Cluastuiscint<br><br>Úsáideach do na téamaí seo a leanas:<br>*Éire san 21 aois*<br>*Cúrsaí domhanda*<br>*Fadhbanna an duine óig*<br>*Sláinte*<br><br>Giota/Blag/Litir/Comhrá /Aiste/ díospóireacht |
| **Sraith Pictiúr - féach ar an gcáipéis "Na Sraith Pictiúr Lárnach sa Phleanáil 2021/22"** | | |